

BILEOG OIBRE 3A: Luach Áite

(1a)

Cluiche CLG	Tinreamh	Tabhair go dtí an 10 is gaire	Tabhair go dtí an 100 is gaire	Tabhair go dtí an 1000 is gaire
Corcaigh v Loch Garman	54,607			
Áth Cliath v An Mhí	48,602			
Laois v Uíbh Fháilí	23,415			
Maigh Eo v Ciarraí	52,119			
Cill Chainnigh v Corcaigh	79,874			

(b) Cuir na tinrimh ar fad thuas in ord ón gcluiche is lú tinreamh go dtí an cluiche is mó tinreamh.

_____ / _____ / _____ / _____ / _____

(2) Líon Suíochán na Staide

Páirc Uí Nualláin, Cill Chainnigh	30,000
Páirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath	80,000
Páirc Uí Chaoimh, Corcaigh	43,500
Staid Sempie, Durlas	55,000
Páirc Naomh Tiernach, Cluain Eois	33,000
Páirc Naomh Iarfhlaith, Tuaim	25,000
Páirc Mhic Éil, Caisleán an Bharraigh	34,000

(a) Scríobh amach an liosta seo ag tosú leis an bpáirc is mó suíochán. Léigh amach do liosta don dalta in aice leat agus seiceáil an bhfuil siad mar an gcéanna.

_____ / _____ / _____ / _____ / _____ / _____ / _____

(b) Scríobh uimhir atá idir an líon suíochán atá i bPáirc Chluain Eois agus Páirc Chaisleán an Bharraigh

BILEOG OIBRE 3B: Codáin

(1) Tá 30,000 suíochán i bPáirc Uí Nualláin. Dá mbeadh cluiche ar siúl agus $\frac{2}{3}$ de na suíocháin líonta cé mhéad duine a bhí i láthair ag an gcluiche?

2) Tá 12,000 duine i láthair ag na cluichí leathcheannais sraithe. Tá Áth Cliath ag imirt i gcoinne Phort Láirge sa chéad chluiche leathcheannais. Tá Cill Chainnigh ag imirt i gcoinne Laoise ina dhiaidh seo sa dara cluiche leathcheannais. Tá an tinreamh go dtí an míle is gaire oibrithe amach mar seo a leanas:

- Baile Átha Cliath 4,000
- Loch Garman 5,000
- Laois 1,000
- Cill Chainnigh 2,000

Ná déan dearmad gur gá duit comhainmneoir a úsáid chun codáin a dhealú.

(a) Cén codán den slua a thugann tacaíocht do Bhaile Átha Cliath? _____

(b) Cén codán den slua a thugann tacaíocht do Loch Garman? _____

(c) Cén codán den slua a thugann tacaíocht do Laois? _____

(d) Cén codán den slua a thugann tacaíocht do Cill Chainnigh? _____

(e) Aimsigh comhainmneoir do na codáin ar ó (a) go (d) agus scríobh ar an líne thíos iad in ord ón gceann is lú go dtí an ceann is mó:

an codán is lú _____ an codán is mó _____

(3) (a) Más $\frac{1}{2}$ den lucht féachana lucht leanúna Loch Garman agus más $\frac{1}{5}$ lucht leanúna Átha Cliath, oibrigh amach an difríocht sa tinreamh.

(b) Más $\frac{2}{3}$ díobh siúd atá i láthair lucht leanúna Átha Cliath agus más $\frac{1}{4}$ lucht leanúna Laoise, oibrigh amach an difríocht idir lucht leanúna Átha Cliath agus lucht leanúna Laoise.



(c) Más $\frac{1}{2}$ den slua lucht leanúna Chorcaigh agus $\frac{3}{8}$ acu lucht leanúna Chill Chainnigh oibrigh amach an difríocht idir slua Chorcaigh agus slua Chill Chainnigh.

BILEOG OIBRE 3C: Deachúla agus Céatadáin

(1) Tá painéal de 15 imreoir ag an bhfoireann All Star.
Tá imreoirí All Star ag na foirne seo a leanas;

• Cill Chainnigh:	2
• Gaillimh:	4
• Corcaigh:	6
• An Clár:	1
• Aontroim:	3

Cén codán den fhoireann All Star atá ag gach contae?

- (a) Cill Chainnigh: _____
- (b) Gaillimh: _____
- (c) Corcaigh: _____
- (d) An Clár: _____
- (e) Aontroim: _____

(2) Ag baint úsáide as na codáin thuas, cén céatadán den fhoireann All Star atá ag gach contae?

- (a) Cill Chainnigh: _____
- (b) Gaillimh: _____
- (c) Corcaigh: _____
- (d) An Clár: _____
- (e) Aontroim: _____

Dá mbeadh 50% de na suíocháin i bPáirc Uí Chaoimh líonta cé mhéad duine a bheadh ann más 43,500 suíochán ar fad atá ann?

* **Cuimhnigh:** nuair atáimid ag iarraidh codán a athrú go dtí céatadán déanaimid é a mhéadú faoi 100/1



BILEOG OIBRE 3D: Deachúla agus Céatadáin

1) Tá Páirc an Chrócaigh beagnach lán go béal agus 75,000 duine i láthair. Tá dhá chluiche ceannais ar siúl ar lá Chraobh na hÉireann. Tá Corcaigh i gcoinne Phort Láirge sa chluiche ceannais sinsir. Is iad Gaillimh agus An Clár atá ag imirt sa chluiche ceannais sóisir.

Is é seo a leanas líon an lucht leanúna tugtha go dtí an míle is gaire:

• Port Láirge:	20,000
• Corcaigh:	30,000
• An Clár:	10,000
• Gaillimh:	15,000

- (a) Cén céatadán den slua a thugann tacaíocht do Chorcaigh? _____
- (b) Cén céatadán den slua a thugann tacaíocht do Phort Láirge? _____
- (c) Cén céatadán den slua a thugann tacaíocht do Ghailimh? _____
- (d) Cén céatadán den slua a thugann tacaíocht don Chlár? _____
- (e) Cé is mó a fuair tacaíocht ar an lá? _____
- (f) Cé is lú a fuair tacaíocht ar an lá? _____

***Ná dean dearmad codán a dhéanamh den uimhir ar dtús agus ansin í a mhéadú faoi 100/1**

Fadhbanna

- (1) Cosnaíonn ticéad do chluiche ceannais na hÉireann ? 60. Má fhaigheann mic léinn agus pinsinéirí seanaoise lascaine de 20% cé mhéad a chosnaíonn ticéad amháin orthu?

- (2) ? 8 an praghas atá ar na ticéid don chluiche carthannachta CLG. Tá siad saor in aisce dóibh siúd faoi bhun 14 bliain d'aois. Tá 30,000 duine ag an gcluiche. Má tá 10% den slua faoi bhun 14 bliain d'aois, cé mhéad airgid a chailleann an CLG?

- (3) Scóráil Mattie Forde 4 phointe as an 12 pointe a scóráil Loch Garman. Cén (a) codán, (b) céatadán agus (c) deachúil de na pointí a scóráil sé?

- (4) Tá 50,000 duine i láthair ag an gcluiche leathcheannais. Más páistí 35% den slua cé mhéad páiste a d'fhreastail ar an gcluiche?

- (5) Cosnaíonn gach ticéad do chluiche ceannais Laighean ? 30. Déanann an CLG brabús de 20% ar gach ticéad. Cé mhéad brabúis a dhéanann an CLG ar gach ticéad?

BILEOG OIBRE 3E: Cothromóidí – Cuimhnigh gur fiú 3 phointe cúl!

Scríobh amach na fadhbanna seo atá i bhfocail mar chothromóid ag úsáid fráma folamh nó litreach mar shiombail do na figiúirí nach bhfuil ar eolas againn. Ansin aimsigh an luach atá ag na figiúirí sin.

- (i) Scóráil Mattie Forde 3 chúl agus 5 chúilín, cé mhéad pointe ar fad a scóráil sé?
- (ii) Roghnaíodh 25 imreoir ar fad. Ní féidir ach 21 a roghnú chun bheith ar an bpainéal. Cé mhéad imreoir a fágadh gan roghnú?
- (iii) Bhí 75 oráiste istigh i mbosca. Má fuair gach imreoir 3 oráiste, cé mhéad imreoir a bhí ann?
- (iv) Tá an bus in ann 52 duine a iompar. Má tá 312 duine sa lucht leanúna, cé mhéad bus atá ag teastáil?
- (v) Tá Corcaigh chun cinn le 6 phointe. Má tá 3 chúl agus 2 chúilín scóráilte ag an An Clár, cad é scór Chorcaigh?

Scríobh na cothromóidí seo a leanas i bhfocail agus oibrigh amach an luach anaithind.

- (vi) $12 \div 3 =$ _____
- (vii) $52 \times 6 =$ _____
- (viii) $3(3) + 5 =$ _____
- (ix) $30 - 9 =$ _____

Réitigh na fadhbanna seo a leanas.

- (i) Má shuimíonn tú na huimhreacha atá ar gheansaithe chéilí comhraic díreacha (na himreoirí a mharcálanna chéile) i gcluiche iománaíochta, faigheann tú 17 mar fhreagra.
 - (a) Cén uimhir atá ag an imreoir a mharcálann uimh. 3? _____
 - (b) Cén uimhir atá ag an imreoir a mharcálann uimh. 6? _____
 - (c) Cén uimhir atá ag an imreoir a mharcálann uimh. 11? _____
- (ii) Má shuimíonn tú na huimhreacha ar ar gheansaithe chéilí comhraic díreacha i gcluiche camógaíochta faigheann tú 14 mar fhreagra.
 - (a) Cén uimhir atá ag an imreoir a mharcálann uimh. 5? _____
 - (b) Cén uimhir atá ag an imreoir a mharcálann uimh. 10? _____
 - (c) Cén uimhir atá ag an imreoir a mharcálann uimh. 2? _____

BILEOG OIBRE 3F: Am

Réitigh na fadhbanna seo a leanas:

1. Thosaigh cluiche craoibhe ag 3.45 i.n. Mhair gach leath 35 nóiméad agus bhí briseadh 15 nóiméad chun bheith ann. Cén t-am ba cheart don chluiche bheith críochnaithe?
2. D'fhág an traein Loch Garman ag 7.35 r.n. Shroich sí Baile Átha Cliath ag 10.20 r.n. Ar feadh cé mhéad ama a raibh an lucht leanúna ag taisteal?
3. Sroicheadh bus na foirne Baile Átha Cliath 1 uair agus 15 nóiméad roimh chaitheamh isteach na liathróide. Tá an cluiche ceaptha tosú ag 3.30 i.n. Cé t-am a shroich an bus Baile Átha Cliath?
4. D'fhág lucht leanúna na Gaillimhe ag 8:35 agus shroich siad Baile Átha Cliath ag 11:23 ar lá Chraobh na hÉireann. Bhí an bua acu. D'fhág siad Baile Átha Cliath ag 18:15 agus ag shroich siad Gaillimh ag 21:12. Ar feadh cén fhad ar fad a raibh siad ag taisteal?
5. Bhí comóradh céad bliain ann in 2004 ar an gcéad chluiche camógaíochta. Cén bhliain ar imríodh an chéad chluiche camógaíochta? Cén aois a bhí i gceist ansin?
6. Bhí an chéad chluiche do Chraobh na hÉireann san iománaíocht ann in 1887. Bhí ceann ar siúl gach bliain ó shin i leith seachas in 1888. Cé mhéad cluiche ceannais na hÉireann a imríodh go dtí seo?
7. Má théann sliotar 65 méadar i 3 soicind, ag cén luas a bhfuil sé ag taisteal?

(Cuimhnigh luas = achar ÷ am)

Tá lá Chraobh na hÉireann tagtha.

Tá an cluiche ceannais iománaíochta ceaptha tosú ag 15.45 in am na hÉireann. Tá lucht leanúna ag Corcaigh i ngach cearn den domhan. Ag úsáid an tábla thíos, oibrigh amach an t-am a thosóidh an cluiche do na criosanna (zóin) ama éagsúla:

Caitheamh isteach in Éirinn	Difríocht sa chrios ama	Caitheamh isteach
15.45	S.A.M. -8 n-uaire	
15.45	An Fhrainc +1 uair	
15.45	An Astráil +9 n-uaire	
15.45	An Íoslainn -3 huair	

Caitheamh isteach in Éirinn Difríocht sa chrios ama



BILEOG OIBRE 3G: Airgead

- (1) Cosnaíonn gach ticéad do chluiche ceannais na Mumhan ? 35. Faigheann mic léinn agus pinsinéirí seanaoise lascaine de 20%. Cé mhéad níos saoire atá na ticéid do mhic léinn agus do phinsinéirí seanaoise?
- (2) Cosnaíonn ticéad teaghlaigh do 2 duine fásta agus 4 páistí ? 120. Cosnaíonn na ticéid ? 30 an duine de ghnáth. Cé mhéad airgid a shábhálann an ticéad teaghlaigh?
- (3) Díoltar ticéid ar ? 25. Tugann Staid Uí Chíosóg lascaine de ? 15 do mhic léinn nuair a thaispeánann siad cárta mic léinn. Cén céatadán den airgead atá na mic léinn ag sábháil?
- (4) Má chosnaíonn gach ticéad do chluiche ceannais na hÉireann ? 60 agus má tá Páirc an Chrócaigh lán go béal le 80,000 duine, cé mhéad airgid a dhéanann an C.L.G.?
- (5) Oibríonn maor ar ? 8.50 san uair. Má oibríonn an maor ar feadh 7 n-uaire an chloig cé mhéad a fhaigheann sé?
- (6) Faigheann moltóir ? 35 in aghaidh an chluiche. Má fhaigheann sé ? 315 cé mhéad cluiche a raibh sé ina mholtóir orthu?
- (7) Is féidir 3 Mars Bar a cheannach ar ? 1 i bPáirc an Chrócaigh. Sa siopa áitiúil, cosnaíonn gach Mars Bar 65c. Cé mhéad airgid a shábhálann tú má cheannaíonn tú 3 cinn i bPáirc an Chrócaigh?
- (8) Cosnaíonn buidéal 7Up ? 2 i bPáirc an Chrócaigh. Tá buidéal 7Up ? 1.60 sa siopa áitiúil. Má cheannaíonn mise 3 bhuidéal i bPáirc an Chrócaigh agus má cheannaíonn mo chara 3 bhuidéal sa siopa áitiúil, cé mhéad a shábhálann mo chara?
- (9) Cosnaíonn ticéad do chluiche ceannais na hÉireann ? 60. Oibrigh amach an costas atá ar na ticéid don chluiche i ngach airgeadra thíos:

Tír	Airgeadra	Euro	Praghas an ticéid
Sasana	Steirling £0.67	? 1	
S.A.M.	Dollar Meiriceánach \$1.20	? 1	
An Astráil	Dollar Astrálach \$1.25	? 1	
An Chipir	Punt Cipireach \$1.39	? 1	



BILEOG OIBRE 3H: Sonraí

(i) Tarraing barra-chairt i do chóipleabhar chun scóir na n-imreoirí seo a leanas a léiriú:

Mattie Forde	4 phointe
Jason Sherlock	1 phointe
Peter Canavan	6 phointe
Stephen O'Neill	3 phointe
Ciarán McDonald	4 phointe
Ross Munnelly	9 bpointe

(ii) Tarraing barra-chairt iolrach i do chóipleabhar chun torthaí de shraithchomórtas pheil na mban a léiriú:

Contae	Cluichí Buaithe	Cluichí Cailte	Cluichí ar Chomhscór
Corcaigh	3	0	2
Maigh Eo	2	1	2
An Mhí	4	1	0
Loch Garman	2	3	0
Port Láirge	4	0	1

(iii) Úsáideann daoine treoghráf chun sonraí a athraíonn le himeacht ama a léiriú.

Ag baint úsáide as páipéar cearnógach, tarraing treoghráf chun tinrimh na gcluichí i Staid Semple a léiriú:

Dáta	Tinreamh
17 Meitheamh	55,000
12 Iúil	47,000
26 Iúil	39,000
3 Lúnasa	28,000
8 Meán Fómhair	46,000

BILEOG OIBRE 3I: Seans

(iv) Úsáid tábla chun taifead a dhéanamh ar na torthaí a d'fhéadfadh bheith ag na foirne baile i 5 chluiche sraithe mar chluichí buaite nó mar chluichí cailte. Cé mhéad toradh a d'fhéadfadh bheith ann?

Cluichí Buaite	Cluichí Cailte
5	0

Cuir tic sa bhosca cúí chun an freagra is oiriúnaí a thabhairt ar gach ceist.

- A: Cén seans atá ag Corcaigh an bua a fháil ar Chill Chainnigh?
 B: Cén seans go gcuirfear 3 imreoirí le Port Láirge den pháirc?
 C: Cén seans go mbeidh an réiteoir gortaithe i rith an chluiche?
 D: Cén seans go sábhálfaidh Damien Fitzhenry cúl?
 E: Cén seans nach dtiocfaidh an réiteoir chuig cluiche ceannais na hÉireann sa chamógaíocht?


	An-seans ar fad	Seans maith	Seans cothrom	Níl mórán seans ann	Níl seans ar bith ann
A					
B					
C					
D					
E					

BILEOG OIBRE 3J: Cruth agus Spás

(1) Cén cruth a bhíonn ar pháirc do chluichí Gaelacha? _____

(2) Cén cruth a bhíonn ar an liathróid sa pheil Ghaelach?

Cén fáth gur cruth oiriúnach é seo? An bhfuil tú in ann smaoineamh ar chruth nach mbeadh oiriúnach do liathróid peile?



(3) Cén cineál líne í an líne a dhéanann an trasnán? _____

Cén cineál líne í an líne a dhéanann cuaille báire amháin? _____

(4) Cad ia féidir a rá mar gheall ar an dá chuaille báire (Cén gaol atá eatarthu)? _____

(5) Cad is féidir a rá mar gheall ar an ngaol idir na cuailí báire agus an trasnán? _____

(6) Cad iad na huilleannacha a fheiceann tú sna cuailí báire? _____

(7) Tá an t-imreoir ag an spota dubh chun poc 65m a thógáil.

Cén saghas uillinne a dhéanfaidh líne na liathróide leis an gcúl? _____

(8) An bhfuil líne siméadrachta ag na cuailí báire? _____

(9) Ainmnigh cruth amháin eile a bhíonn le feiceáil ag staid spóirt? _____

BILEOG OIBRE 3K: Leithead/Achar

(1) Má tá páirc do chluichí Gaelacha 137 m ar fhad agus 82 m ar leithead, cad é achar na páirce? Cad í an imlíne? _____

(2) Cad iad toisí na páirce atá i do scoil? _____

An bhfuil a hachar níos mó nó níos lú ná an pháirc atá i gceist thuas? _____

(3) Ceintiméadar, méadar nó ciliméadar?
Cén t-aonad a d'úsáidfeá chun iad seo a leanas a thomhais:

(a) Leithead camáin _____

(b) Airde cuaille báire _____

(c) Leithead páirce peile _____

(d) An t-achar ó Ghailimh go Páirc an Chrócaigh _____

(e) Fad poic amach _____

(4) Tá na toisí seo a leanas ag cúirt liathróide láimhe in Éirinn: 60m x 30m

(a) Oibrigh amach achar na cúirte liathróide láimhe _____

(b) Oibrigh amach imlíne na cúirte liathróide láimhe _____

(5) Tá na toisí seo a leanas ag cúirt liathróide láimhe idirnáisiúnta: 40m x 20m

(a) Oibrigh amach achar na cúirte liathróide láimhe _____

(b) Oibrigh amach imlíne na cúirte liathróide láimhe idirnáisiúnta _____

Meáchan

(1) Beir ar shliotar.

(a) Tabhair buille faoi thuairim cén meáchan é i ngram. Seiceáil do thomhas. _____

(b) De réir na rialacha ba cheart go mbeadh meáchan idir 100g agus 130g ag sliotar do chluiche sinsir iománaíochta. An gcomhlíonann an sliotar seo na rialacha? _____

(c) Sonraíonn na rialacha gur cheart go mbeadh meáchan idir 90g agus 110g aige do chluiche camógaíochta. An gcomhlíonann an sliotar seo na rialacha do chluiche camógaíochta? _____

(d) Ainmnigh liathróid spóirt atá níos troime/éadroime ná seo. _____